# Polasaí do Thurasanna Scoile

## 1. Scóp an Pholasaí

Baineann an polasaí seo le Baill Foirne Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin a thógann scoláirí ar thurasanna lasmuigh de champas na scoile. Baineann sé le daltaí atá ag glacadh páirte in imeachtaí scoile, a dTuismitheoirí/Caomhnóirí and leis an bhfoireann bainteach leis an eagraíocht agus le páirt a ghlacadh i dturasanna scoile.

Ba chóir an polasaí seo a léamh i dteannta leis an Acht Sláinte agus Sábháilteachta agus Leasa san Ionad Oibre 1989 agus 2005, agus ciorclán M20/04 a deir 'Is í an aidhm a ghabhann le turasanna oideachasúla scoile ná go dtéann siad chun tairbhe na scoláirí, go hoideachasúil, go cultúrtha agus go sóisialta. Aon rud a théann i gcoinne na bprionsabal seo, is cóir é a sheachaint.'

Tagann turasanna scoile faoi dhá cheannteidil. Turasanna atá de dhíth ón gCuraclam ar nós turasanna goirt, agus turasanna a thugann tuiscint agus eolas níos doimhne do dhaltaí ar chultúir agus tíreolaíocht na háite ar a dtugtar cuairt uirthi. Is sampla maith é turasanna oideachasúla a bhaineann le forbairt na dteangacha.

Ag teacht leis an domhan atá de shíor ag forbairt agus ag athrú, éilíonn an fhealsúnacht oideachais gur ceart go mbeadh cleachtadh acu aon áit gur féidir. Síneann turasanna oideachasúla réimse an oideachais taobh amuigh den seomra ranga agus is cuid thábhachtach iad de phróiseas cothrom oideachais. Is den riachtanas é ullmhú agus eagrú cuí a bheith déanta ina leith. Tá súil ag an mBord go rachadh na turasanna uile chun tairbhe na ndaltaí, ag cur lena ndul chun cinn acadúil agus a scileanna sóisialta.

Ba cheart go léifí an polasaí seo i gcomhthéasc an Pholasaí um Chosaint Leanaí, an Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta, an Polasaí Sláinte agus Sabháilteachta, An Cód Iompair agus le Polasaí BhOOC ar thurasanna scoile. Is cuid lárnach iad luachanna na scoile den pholasaí seo, an meas, an chothromaíocht agus an t-ionracas maraon le gach polasaí scoile eile.

## 2. Reasúnaíocht Thurasanna Scoile

1. Eagraítear roinnt turasanna scoile mar chuid de chúrsa an ábhair atá á leanúint agus ar an mbonn sin is turasanna éigeantacha iad. Tá turasanna eile agus ní dlúthchuid ná bunriachtanas an chúrsa iad.

2. Is mór an méid tairbhe gur féidir a bhaint as turasanna oideachasúla. Tugann siad deis do na daltaí taithí éagsúil a fháil ar rudaí taobh amuigh den seomra ranga, cabhraíonn siad le scileanna cruthaitheacha na ndaltaí a fhorbairt, neamhspleáchas a chruthú agus cuidíonn siad le forbairt sóisialta agus cultúrtha an dalta. Cuidíonn turasanna le forbairt an chairdis idir dhaltaí agus mhúinteoirí, agus tugann sé deis do na múinteoirí aithne a chur ar dhaltaí taobh amuigh den seomra ranga.

3. Ba chóir do thurasanna oideachasúla (turasanna lae, thar oíche, thar lear agus turasanna goirt);

a) Cur leis an bhfoghlaim don líon is mó dalta ar féidir trí thaithí oideachasúil nach bhfuil indhéanta sa seomra ranga a chothú;

b) Tacú leis an gcuraclam in ábhair áirithe trí thurasanna goirt, turasanna scoile agus imeachtaí eile;

c) Cur le forbairt phearsanta an dalta.

## 3. Pleanáil agus Eagrú Turasanna Scoile

1. Ba cheart go mbeadh líon cuí de thurasanna agus imeachtaí le linn na bliana nach gcuireann an iomarca costais ar thuistí agus nach gcuireann an iomarca brú ar thráthchlár na scoile.
2. Eagraítear turasanna goirt agus turasanna lae i gcomhpháirt leis an bpríomhoide. Má tá ball foirne ag pleanáil turais i rith am scoile, ní mór dóibh an Príomhoide a chur ar an eolas roimhré, nó ní ba dheanaí ná mí roimh spriocdháta an turais. (Glactar leis, uaireanta, go mbíonn cúinsí áirithe nach mbíonn an t-eolas ar thurasanna fiúntacha ar fáil go dtí níos déanaí ná sin). Ní mór gach eolas ar an turas agus doiciméidí an turais atá le tabhairt do thuismitheoirí a bheith feicthe agus glactha leo ag an bPríomhoide roimhré.

3. I gcoitinne, tá cead scríofa ag teastáil ó Thuismitheoir/Chaomhnóir roimh dul ar thuras scoile. Ní gá cead tuismitheora a fháil le haghaidh turasanna áitiúla a tharlaíonn le linn lá scoile a fhad is a thugann an Príomhoide cead. Tuigtear leis, má imríonn daltaí ar fhoireann scoile ar son na scoile, go bhfuil cead leanúnach faighte ó thuismitheoirí imeacht ón scoil go dtí na cluichí as baile.

4. Tá imeachtaí áirithe, (tar éis measunú baoil) agus ní mór dul i gcomhairle le Comhlacht Árachais na scoile sula dtabharfaí cead. Mar chuid den phróiseas pleanála, ba cheart don té atá ag eagrú an turais machnamh ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann agus go leor ama a thabhairt le haghaidh cumarsáide agus plé cuí air.

5. Tá turasanna áirithe (mar shampla, má tá baol ag baint leis an imeacht) ina gcaithfeadh an t-éascaitheoir deimhniú a fháil ón gcomhlacht go bhfuil árachas cuí acu. (De ghnáth, is ráiteas é ar an méid árachais poiblí atá acu). Ba chóir an deimhniú seo a thabhairt don phríomhoide roimhré.

6. Má tá turasanna níos faide, ní mór iad a dheimhniú leis an mBord Bainistíochta, i gcomhpháirt ciorclán/riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna (Ciorclán M20/04). Ní mór do bhaill foirne, gur mian leo daltaí a thabhairt ar thuras thar lear, an t-iarratas a chur roimh an mBord sé mhí roimh dháta tosnaithe an turais. Iniata san iarratas, ba cheart go luafaí an bhliainghrúpa a bheidh ag imeacht ar an turas, an tairbhe oideachasúil agus eile atá le baint ag na daltaí as an turas. Ba cheart go n-eagrófaí turas thar lear trí chomhlacht inmholta.

7. Má tá an t-éileamh níos mó ná líon na spásanna atá ar fáil don turas, agus má tá na foirmeacha cuí líonta roimh na sprioclaethanta cuí, tarraingeofar scraithín chun an cinneadh a dhéanamh (má tá na coinníollacha cuí á gcomhlíonadh).

8. Ba chóir go mbeadh go leor féitheoireachta eagraithe do gach dalta chomh maith leis an aráchas cuí. Is é an cóimheas cuí ná 10:1 múinteoirí: daltaí, do thurasanna in Éirinn agus an Bhreatain agus 8:1 to thurasanna san Eoraip nó níos faide i gcéin. Is féidir leis an bpríomhoide an cóimheas seo a ardú. Is féidir an cuireadh a leathnú do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Ní mór treoirlínte BOOC a leanúint maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an riachtanas a bhaineann le hAcht grinnfhiosrúcháin Gardaí a chomhlíonadh.

9. Roimh an turas, cuirfear Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas ó thaobh rialacha agus riachtanais an turais. Tabharfar cur síos ar cad chuige an turas, cur síos ar an leagan amach a bheidh air agus na dátaí agus an costas a ghabhann leis. Ní mór do gach dalta agus Tuismitheoir/Caomhnóir an fhoirm seo a shíniú ag deimhniú (i) go dtuigeann siad na rialacha agus (ii) go bhfuil siad sásta iad a leanúint an t-am ar fad. Ba chóir do dhaltaí agus Tuismitheoirí /Caomhnóirí an Cód Iompair a léamh agus aontú leis. Tabharfar foirm bhreise le rialacha breise agus riachtanais speisialta más gá agus ní mór do dhaltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí é a shíniú.

10. Ní mór liosta do na daltaí a bheidh ag dul ar an turas a thabhairt don Phríomhoide roimh an turas a chur in áirithe. Is ag Údarás na scoile a bheidh an cinneadh deireanach mar gheall ar cead a thabhairt do dhalta.

**4. Cúrsaí Airgeadais agus an Turas Scoile**

1. I gcoitinne, tagann turasanna scoile taobh amuigh den ghnáthchostas a bhaineann leis an mbliain scoile, curaclaim agus seach-churaclam, mar sin ní mór costas breise a ghearradh.

2. Ní mór fios a bheith ag an oifig roimhré agus ní mór an t-eolas a thabhairt don oifig roimh fógra a thabhairt do na Tuismitheoirí/Caomhnóirí. Déantar é seo ionas go mbeidh plé ar an mbealach a íoctar as an turas (costaisí taistil san áireamh) agus chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn liosta na ndaltaí atá ag imeacht ar an turas ag an oifig roimhré.

3. Ní mór costas iomlán an turais agus an modh íochta a sheoladh chuig na Tuismitheoirí /Caomhnóirí ag am pleanála an turais. An buntáiste a bheidh anseo ná go mbeidh deis ag an líon is mó daltaí páirt a ghlacadh.

4. Ní mór don chóras ioncaim agus caiteachais a bheith ar aon dul le córas BhOOC

5. Má tharraingíonn dalta amach as an turas tar éis dóibh an éarlais nó an t-airgead iomlán a íoc, ní bheidh aisíocaíocht i gceist. Ar an mbonn céanna, má tá bac ar dhalta taisteal de bharr cúrsaí smachta, sláinte nó sábháilteachta ní bheidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil. Tabharfar cuntas iomlán ar chostaisí an turais don phríomhoide ar a dteacht ar ais.

**5. Cáipéisí riachtanacha do thurasanna thar sáile**

1. Is é freagracht an dalta agus a T(h)uismitheoir/C(h)aomhnóir na caipéisí cuí a bheith acu le haghaidh turasanna thar sáile (m.sh. pas, cárta aitheantais) agus iad a bheith suas chun dáta. Más den riachtanas é pas a bheith agat, ní mór cóip den phas a fháil agus é a thabhairt don scoil leis an éarlais. Ní mór do na pasanna an dáta cuí a bheith acu go ceann sé mhí tar éis an turais. Tabharfar liosta de na cáipéisí atá ag teastáil do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí ag am na pleanála.

2. Má tá víosa ag teastáil, i dtíortha áirithe, ní mór iad a phróiseáil le chéile. Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh costas breise chun víosa a dheimhniú. Munar Pas A.E. atá ag an dalta, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh Víosa A.E. de dhíth le haghaidh

tíortha an A.E. Más taisteal taobh istigh den A.E. atá i gceist ní mór do dhaltaí an An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte a bheith acu.

3. Ní féidir leis an scoil a bheith freagrach as páipéarachas nach bhfuil in ord agus in eagar agus a bhfuil bac curtha ar a gcuid pleananna taistil dá bharr. Má dhiúltaítear cead isteach chun na tíre, ní mór don dalta/tuismitheoir/caomhnóir íoc as an gcostas breise a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ní bheidh an scoil freagrach as an gcostas breise seo.

4. Íocfaidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí an costas breise má bhíonn ar an scoil dalta a sheoladh abhaile ar chúis éigin. m.sh. droch-iompar, sláinte agus sábháilteacht.

5. Ní mór do dhaltaí aire a thabhairt dá bpasanna féin agus iad ag gabháil trí chríochfort agus báid farantóireachta.

6. Le haghaidh turasanna thar oíche, ní mór don té atá ag eagrú an turais deimhin a dhéanamh de go bhfuil pacáiste eolais san oifig (don Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach) leis an eolas seo a leanas:

a) Cur síos ar na dátaí cuí agus amanna cuí;
b) Ainm agus sonraí an chomhlachta taistil;
c) Eolas taistil m.sh. uimhreacha na n-eitiltí (más thar lear atá an turas), ainm an chomhlachta bus, srl;
d) Ainmneacha na ndaltaí agus a ranganna;
e) Ainmneacha baill foirne atá ag taisteal mar aon lena n-uimhreacha teangmhála;
f) Seoladh agus sonraí teangmhála an lóistín;
g) Aon eolas cuí eile.

## 6. Ionchais Iompair ar Thurasanna Scoile

1. Ma sháraíonn dalta Cód Iompair na scoile go tromchúiseach, ní mór don fhoireann dul i dteangmháil leis an bPríomhoide láithreach.

2. Má tá amhras reasúnta ann i dtaobh substaintí mí-dhleathacha a bheith ina s(h)eilbh ag dalta, nó má tá amhras ann ó thaobh sláinte agus sabháilteachta de, cuardóidh an fhoireann seomra agus fearas pearsanta an dalta (málaí, cásanna, srl) i láthair an dalta.

3. Is den riachtanas é a bheith in am an t-am uilig agus bítear ag súil go mbeadh daltaí ag gach sprioc-am a bhíonn leagtha amach gan teip.

4. Níl cead ag daltaí iad féin a dhí-laithriú am ar bith gan cead a fháil roimhré ó Cheannaire an ghrúpa.

5. Tá cead ag daltaí gléasanna digiteacha a bheith leo ar thurasanna thar oíche, agus iad a úsáid le cead an mhúinteora amháin, ag amanna réamhshocruithe. Ní cheadaítear gutháin i seomraí leapa thar oíche agus tabharfar dá muinteoirí iad ar feadh na hoíche. Níl sé ceadaithe íomhánna mí-oiriúnacha a thógáil ná a roinnt. Go ginearálta, ní cheadaítear gléasanna digiteacha ar thurasanna lae.

6. Níl cead ball foirne ná dalta a thaifead nó íomhánna a roinnt agus is sarú tromchúiseach é ar rialacha na scoile. Níl sé ceadaithe grianghrafanna daltaí de bhaill foirne a chur ar shuíomhanna gréasáin.

7. Ní moltar rudaí luachmhara a thabhairt ar thuras mar shampla seodra srl. ar eagla go gcaillfí iad. D'fhéadfadh teorainn a bheith ann leis ar an méid aráchais atá ar fáil dóibh.

8. Ní mór do bhaill foirne Tuairisc Éigeandála a líonadh ar filleadh dóibh (nó níos luaithe má lorgaíonn an Príomhoide í) ag cur síos ar aon éigeandáil ónar eascair baol Sláinte agus Sabháilteachta.

9. Is féidir le beirt bhall foirne (inscne oiriúnach) breathnú ar sheomraí agus ar threalamh na ndaltaí (málaí, cásanna, srl.) i láthair an dalta. Ní dhéanfar é seo ach amháin má tá amhras ann, mar shampla buairt faoi shábháilteacht fhisiciúil, amhras faoi shubstaint mídhleathach ina s(h)eilbh nó buairt eile. Cuirfear tuistí ar an eolas mar gheall ar seo sula gcuireann siad iarratas isteach don turas.

10. Táthar ag súil go léireoidh na daltaí meas ar a múinteoirí i gcónaí. Is sárú ar an gCód Iompair aon iompair i gcodarsnacht leis seo.

11. Is í cúis turasanna teanga cosúil le Turas na hIdirbhliana go dtí an Spáinn ná forbairt na teanga labhartha sin. Táthar ag súil go ndéanfar gach iarracht teanga an turas a labhairt. Do gach turas eile, is í an Ghaeilge a úsáidfear.

**7. Sláinte agus Sabháilteacht**

1. Braithfidh líon na mball foirne a théann ar thuras scoile ar na constaicí seo a leanas:

a) Líon na ndaltaí ag taisteal;
b) Aois agus inscne na ndaltaí;
c) Ceann scríbe an turais;
d) An mhaoirseacht ag teastáil ag an gceann scríbe;
e) Má roinntear an grúpa i ngrúpaí níos lú, beidh maoirseacht ag teastáil ó gach grúpa;
f) An córas taistil a úsáidtear

2. Ar thurasanna thar sáile, braithfidh líon na mball foirne ag taisteal ar an gcóimheas atá ag an gcomhlacht taistil (de ghnáth oide amháin le gach deichniúr). É sin ráite, tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta líon na mball foirne atá ag teastáil a shocrú mar is cuí.

3. Is cuid an-tábhachtach é Sláinte agus Sabháilteacht de thuras a eagrú agus a thógaint. Má eascraíonn baol Sláinte agus Sabháilteachta as an turas, beidh ciall agus breithiúnas, mar is cuí.

4. Tuigeann baill foirne gur ceart dóibh áit an tusmitheora chúramaigh a thógaint agus iad ar thuras. Braitheann sé seo ar chuinsí agus aois an dalta. É sin ráite, má bhriseann an dalta na coinníollacha a leagtar síos ní féidir le baill foirne a bheith freagrach astu. Ar thurasanna áirithe, beidh am siopadóireachta agus ní bheidh maoirseacht ann ag na hamanna sin. Míneofar é seo do Thuismitheoirí/Caomhnóirí ar an mbliúire ceadúnais, litir eolais nó litir cur síos a sheoltar chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí roimhré.

5. Gheobhaidh Tuismitheoirí/Caomhnóirí eolas scríofa ar aon turas thar oíche agus ní mór dóibh cead scríofa a thabhairt dá mac/iníon atá ag glacadh páirte sa turas. Ba chóir aird a thabhairt ar na baoil a bhaineann leis na himeachtaí luaite leis an turas (m sh. Sciáil, go-karting, srl.). Is é dualgas an Tuismitheora/Chaomhnóra deimhin a dhéanamh de go bhfuil eagraí an turais ar an eolas faoi riachtanais speisialta d’aon sórt, leigheas agus riachtanais chothaithe san áireamh agus ceannaire an turais a chur ar an eolas muna mbeidh a bpáiste ag glacadh páirte in imeacht ar leith. Tuigtear go bhfuil sé de cheart ag an eagraí athruithe beaga a dhéanamh ar na himeachtaí.

6. Beidh rochtain ag na múinteoirí a bheidh ag dul ar aon turas ar eolas pearsanta na ndaltaí ar bhogearra na scoile.

7. Beidh ceadúnas leighis ag teastáil mar chuid de chead na dtuistí le haghaidh turasanna thar lear agus thar oíche. Beidh ar Thuistí/Chaomhnóirí litir a shíniú ag aontú gur féidir cóir leighis éigeandála a chur ar an dalta. Muna n-aontaíonn Tuismitheoirí/Caomhnóirí leis seo, ní cheadaítear don dalta dul ar an turas mar go mbeadh freagracht bhreise ar an scoil dá bharr.

8. Cuirfear Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas in am cuí má tá vacsaínithe riachtanacha ag teastáil don cheann scríbe. Is den riachtanas é go dtuigeann tuistí gur orthu an cúram na socruithe cuí a dhéanamh chun na vacsaínithe a fháil.

9. Ní mór do Thuistí/Chaomhnóirí deimhin a dhéanamh de go bhfuil a bpáistí saor ó shubstaintí mídhleathacha orthu nó ina mbagáiste agus iad ag ullmhú don turas.

10. Níl se de chead ag daltaí leigheas a cheannach nó a thabhairt leo ach amháin má tá ceannaire an turais ar an eolas faoi roimhré agus coimeádfaidh ceannaire an turais an cóir leighis sin. Ní mór do dhaltaí litir a bheith acu ó Dhochtúir más gá dóibh leigheas/snáthaid a thabhairt leo ar an eitleán.

11. Ní cóir do dhaltaí cóir leighis a roinnt eatarthu. Ní mór do dhaltaí a mbíonn analóir acu é a choimeád orthu an t-am uilig ar an turas.

12. Tá cásanna garchabhracha ar fáil ón oifig agus iarrtar ar bhaill foirne iad a thabhairt leo ar an turas mar is cuí. Tá sé de cheart ag Údarás na scoile dul i dteangmháil le saineolaithe leighis más gá. Ar filleadh dóibh ón turas, is féidir le ball foirne a mholadh do Thuismitheoir/Chaomhnóir dul ar thóir cóir leighis, má cheaptar go bhfuil sé seo in oiriúint.

13. Má tharlaíonn timpiste tromchúiseach ar thuras d'aon sórt is iad na socruithe thíos a leanfar:

a) Beidh ar cheannaire an turais dul i dteangmháíl leis na seirbhísí éigeandála. Ansin rachfar i dteangmháíl le hoifig na scoile (nó Príomhoide/Príomhoide Tánaiisteach na scoile taobh amuigh d'uaireanta oifige) agus mar sin a dhéanfar teangmháíl le Tuismitheoirí/Caomhnóirí an dalta (Ar thurasanna thar sáile, beidh liosta na n-uimhreacha teangmhála ag baill foirne atá ar an turas);

b) Ní mór do Thuismitheoirí/Caomhnóirí gach uimhir teangmhála a thabhairt d'eagraí an turais, agus ní mór dóibh a bheith ar fáil an t-am uilig fad an turais. Má bhíonn ar dhalta dul go dtí an t-ospidéal rachaidh ball foirne leo agus fanfaidh sé/sí leo go dtiocfaidh tuismitheoir/caomhnóir (nó duine fásta eile ainmnithe ag an Tuismitheoir/Caomhnóir). Ní mór an fhoirm éigeandála a líonadh chomh luath agus is féidir i ndiaidh na heachtra;

14. Tá gach dalta i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin clúdaithe faoi pholasaí árachais na scoile. Tá imeachtaí ar leith nach gclúdaíonn an polasaí agus is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí iad a lorg agus a fheiceáil. Eagróidh an scoil árachas breise do na himeachtaí sin agus do thurasanna níos faide más gá leo. Ní mór do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí na coinníollacha ina bhfeidhmíonn an t-árachas dá mac/iníon a léamh, a shíniú agus a thuiscint.

15. Déanfaidh an scoil a seacht ndícheall gach dalta a thabhairt ar thuras. I gcásanna eisceachtúla, beidh gá le tuismitheoir/caomhnóir taisteal lena bpáiste ar thuras, nó iarrfaidh an scoil ar thuismitheoir/caomhnóir taisteal lena bpáiste. Má dhiúltaítear é seo a dhéanamh, tá seans ann nach mbeidh an scoil ábalta an dalta sin a thabhairt ar an turas, ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.

## 8. Modhanna Éigeandála

1. I gcás éigeandála tiocfaidh an méid is mó foirne agus is féidir le chéile. Aontóidh siad ar shonraí na heigéandála le chéile, ag áireamh na bhfíricí ar fad atá ar eolas acu ag an am sin, tiocfaidh siad ar phlean aicsin. Cuirfear na sonraí agus na cinntí i scríbhinn chomh luath agus is féidir agus in am réasúnta. Glacann an Bord leis gur ag an gceannaire atá an cinneadh deireanach i gcás easaontaithe.

2. Ní mór don cheannaire agus baill foirne eile a dheimhniú go bhfuil duine fásta i láthair má tá dalta á c(h)eistiú. Ní mór do dhaltaí dlíthe na tíre ar a bhfuil cuairt á dtabhairt acu uirthi agus an Cód Iompair a leanúint. Má sháraítear aon cheann acu, cuirfear na dlíthe nó rialacha i bhfeidhm.

3. Tabharfar suim airgid don cheannaire (a shocróidh an Bord) go bhfhéadfaí a úsáid i gcás éigeandála.

## 9. Éide Scoile agus Cód éadach

1. Beidh ar dhaltaí an éide scoile a chaitheamh ar gach turas ach amháin má shocraíonn bainistíocht na scoile a mhalairt roimhré.

## 10. Súil Siar ar Thuras

1. Is den riachtanas é athbhreithniú a dhéanamh ar thuras agus ba chóir do bhaill foirne ráiteas a thabhairt do bhainistíocht na scoile ar aon rud a raibh buairt nó tuairim acu faoi (mar sh. áit, comhlacht, imeachtaí chun cabhrú le turasanna a bheidh á reachtáil amach anseo). Ba chóir do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí aiseolas (dearfach nó diúltach) a thabhairt do cheannaire an turais, baill foirne nó bainistíocht na scoile chomh maith.

2. Sa tuairisc iarthurais ba chóir go mbeadh;

a) Cur síos ar an tairbhe a bhí ann do dhaltaí;
b) Ráiteas airgeadais;
c) Éachtaí agus buaicphointí;
d) Deacrachtaí/fadhbanna a bhí le sárú i rith an turais.

## 11. Ról an Bhoird Bhainistíochta

1. Cead a thabhairt do thurasanna thar sáile.

2. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil tairbhe oideachasúil ag baint leis an turas.

3.  Deimhin a dhéanamh de go dtabharfaí an aire cheart do na daltaí nach bhfuil ag glacadh páirte, fad is atá a múinteoirí thar sáile, de réir Ciorclán PPT 01/03

4. Go ndéanfaí deimhin de go mbíonn an turas ar siúl ag am oiriúnach ionas go mbeidh an t-íosmhéid cur isteach ar an tráthchlár.

5. Go ndéanfaí deimhin de go mbíonn méid oiriúnach imeachtaí le linn na bliana.

Cuirfear an polasaí seo ar fáil do pháirtithe uile na scoile.

Ghlac bord bainistíochta na scoile leis an bpolasaí seo ar an 14ú Bealtaine, 2019.

Rinneadh athbhreithniú air ar an 1ú Aibreáin, 2025.

Cuirfear é ar fáil do na rannpháirtithe ar fad, agus ar shuíomh idirlín na scoile.